Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2004**

# EALAÍN –

# STAIR AGUS LÉIRTHUISCINT NA hEALAÍNE

## GNÁTHLEIBHÉAL

DÉ LUAIN, 21 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 4.30

---

Tá 150 marc ag dul don pháipéar seo

**TREORACHA**

(a) Scríobh a oiread agus is féidir leat ar **thrí** cheist. Ba chóir ceist **amháin** a roghnú as Roinn 1, ceist **amháin** as Roinn II, agus ceist **amháin** as Roinn III.

(b) Tá na ceisteanna uile ar aon mharc. (50)

(c) Ní mór **sceitsí agus léaráidí** a úsáid pé áit is féidir chun do chuid pointí a léiriú.

(d) Déan tagairt do **na léaráidí atá ar an mbileog leis an bpáipéar seo** de réír mar is gá.

---

# ROINN 1 – AN EALAÍN IN ÉIRINN

**1.** Breathnaigh go géar ar ***na léaráidí leis seo*** den Mhuince Broighter agus de Chloch Turoe. Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Déan cur síos agus plé ar dhearadh agus ar mhaisiúchán an dá cheann díobh.
(b) Déan cur síos ar an gcaoi ar cuireadh an maisiúchán seo i bhfeidhm ar an dá cheann.
(c) Scríobh síos a bhfuil ar eolas agat mar gheall ar an bhfeidhm a bhí acu.
*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

**2.** Ar an ***léaráid leis seo*** de **Dhealg na Teamhrach** tiocfaidh tú ar chineálacha éagsúla maisiúcháin.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) *Sceitseáil* agus déan cur síos ar mhaisiúchán **geoiméadrach** agus ar phíosa de mhaisiúchán **ainmhíoch**.
(b) Déan cur síos ar an gcaoi a ndearnadh an maisiúchán seo.
(c) Ainmnigh agus déan cur síos gearr ar phíosa miotalóireachta **amháin** eile ón tréimhse chéanna.
*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

**3.** Tá léiriú ar shráid de thithe Seoirseacha ***ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Déan cur síos agus plé ar na gnéithe a dhéanann an ailtireacht Sheoirseach chomh sainiúil inaitheanta sin.
(b) Déan cur síos agus plé ar ghné **amháin** den taobh istigh de theach Seoirseach a ndearna tú staidéar air.
(c) Ainmnigh agus déan cur síos gearr ar fhoirgneamh Seoirseach ar bith eile a ndearna tú staidéar air.
*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

**4.** Sampla de dhealbhóireacht fháthchiallach is ea **"Bás Chú Chulainn"** le Oliver Sheppard. Tá léiriú di le feiceáil ***ar an mbeileog leis seo***.
(a) Déan cur síos ar an saothar dealbhóireachta seo agus ar an ábhar atá i gceist ann.
**agus**
(b) Déan cur síos agus plé ar dhealbhóireacht fháthchiallach ar bith eile atá ar d'eolas. Ainmnigh an píosa roghnaithe agus an dealbhadóir a rinne é.
*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

**5.** Tá **"Teachíni i gConnamara"** le Paul Henry (1876 – 1958) agus **"Goirt Bheaga Ghlasa"** le Gerard Dillon (1916 – 1971) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Déan cur síos ar an gcaoi ar phéinteáil **gach** ealaíontóir díobh radharc tuaithe ar a bhealach pearsanta féin.
(b) Sceitseáil sonra as **gach** pictiúr ealaíne díobh a chuidíonn le do fhreagra a mhíniú.
(c) Ainmnigh agus déan cur síos ar phictiúr ealaíne ina bhfuil ábhar téamúil dá mhacasamhail le healaíontóir ar bith eile a ndearna tú staidéar air.
*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

**6.** Déan cur síos agus plé ar shaothar duine **amháin** de na healaíontóirí seo a leanas:
Louis Le Brocquy, Kathy Prendergast, Tony O'Malley, Pauline Bewick, Alice Maher, Robert Ballagh.
*Chun cuidiú leat féin i do fhreagra, úsáid sceitsí agus na ceannteidil seo a leanas:*
(a) eolas faoin ealaíontóir.
(b) téamaí bunábhair.
(c) ceapadóireacht.
(d) ábhair agus teícníochtaí.
(e) úsáid na ndathanna.

****************************

## ROINN II – AN EALAÍN SAN EORAIP

**7.** Déan cur síos agus plé ar an ailtireacht Rómhánúil **nó** Ghotach faoi na ceannteidil seo a leanas:

(a) an cruth ina iomláine
(b) gnéithe ailtireachta
(c) maisiúchán
(d) ainmnigh foirgneamh ón stíl ailtireachta a rognaigh tú

*Úsáid sceitsí chun cuidiú leat féin i do fhreagra.*

**8.** Tá **"Leagadh Anuas Chríost"** le Giotto (1266-1337) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Déan cur síos ar an bpictiúr ealaíne faoi na ceannteidil seo a leanas:
- bunábhar téamúil
- ceapadóireacht agus peirspictíocht
- solas agus scáth

(b) Sceitseáil agus déan plé ar shonra ón bpictiúr seo a thaispeánann go bhfuil spéis ag Giotto san fhíor dhaonna.

(c) Tabhair roinnt eolais ghinearálta faoi Giotto agus ainmigh agus déan cur sios gearr ar phictiúr ealaíne ar bith eile leis.

*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

**9.** Roghnaigh pictiúr ealaíne **nó** dealbhóireacht le Michelangelo (1475 – 1564).

(a) Ainmigh, déan cur síos agus déan plé ar an bunábhar teámúil agus ceapadóireachta den shampla atá roghnaithe agat.
**agus**
(b) Tabhair roinnt eolais ghinearálta faoi Michelangelo agus ainmnigh agus déan cur síos gearr ar shaothar ealaíne ar bith eile leis.

*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

**10.** Tá **"An Faire Oíche"** le Rembrandt (1606 –1669) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.

(a) Faoi na ceannteidil seo a leanas déan cur síos agus plé ar an bpictiúr ealaíne seo:
- bunábhar téamúil
- ceapadóireacht
- úsáid an tsolais agus an scátha

**agus**
(b) Tabhair roinnt eolais ghinearáltha faoi Rembrandt agus ainmnigh agus déan cur síos gearr ar phictiúr ar bith eile leis.

**11.** Scríobh chomh hiomlán agus atá i do chumas ar shaothar ealaíne **amháin** díobh seo a leanas:

- **"Primavera"** le Botticelli (1446 – 1510)
- **"David"** le Donatello (1386 – 1466)
- **"An Suipéar Deireanach"** le Leonardo da Vinci (1452 – 1519)
- **"Cairt an Fhéir"** le Constable (1776 – 1837)
- **"An Phóg"** le Rodin (1840 – 1917)
- **"Imprisean - d'Éirí na Gréine ar Maidin**" le Monet (1840 – 1926)
- **"Mná Tahiti ar Thrá"** le Gauguin (1848 – 1903)

Déan plé ar an saothar atá roghnaithe agat faoi na ceannteidil seo a leanas:

(a) bunábhar téamúil
(b) ceapadóireacht
(c) eolas cúlra faoin ealaíontóir
(d) an tuairim atá agat den saothar roghnaithe.

*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

**12.** Saothar cáiliúil Imprisineach is ea **"Le Bal ou Le Moulin de la Galette"** le Auguste Renoir (1841 – 1919) ***atá léirithe ar an mbileog faoi iamh leis seo.***

(a) Déan cur síos agus plé ar an bpictiúr seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- bunábhar téamúil
- an fhíor dhaonna – ionramháil
- ceapadóireacht
- dath agus solas

**agus**

(b) Déan cur síos ar phríomhthréithe an Impisíneachais agus ainmnigh ealaíontóir Imprisineach eile.

*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

**13.** Tá dhá phictiúr ealaíne de radharcanna ón taobh istigh ***ar an mbileog faoi iam***. - **"Na nImreoirí Cartaí"** le Paul Cezanne (1839 – 1906) agus **"Dathanna i gComhréir lena cheile i nDearg"** le Henri Matisse (1869 – 1954).

(a) Déan plé ar an **dá** phictiúr faoi na ceannteidil seo a leanas:
- bunábhar téamúil
- an fhíor dhaonna – ionramháil
- ceapadóireacht agus dath

**agus**

(b) Ainmnigh agus déan cur síos gearr ar phictiúr ar bith eile le ceachtar den bheirt ealaíontóirí.

*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

**14.** Roghnaigh Cíubachas **nó** Osréalachas

Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Rianaigh príomhthréithe na gluaiseachta atá roghnaithe agat.

(b) Ainmnigh agus déan plé ar ealaíontóir tábhachtach as an ngluaiseacht seo.

(c) Ainmnigh agus sceitseáil saothar leis an ealaíontóir atá roghnaithe agat.

*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

****************************

## ROINN III – LÉIRTHUISCINT

**15.** (a) Déan cur síos agus plé ar an bpóstaer ***ar an mbileog léirithe faoi iamh*** faoi na ceannteidil seo a leanas:
- samhlacha
- dath
- ceapadóireacht
- litreoireacht

**agus**

(b) An measann tú go n-éiríonn leis an bpóstaer?
Luaigh cúiseanna le do thuairim agus *bíodh sceitsí agat ina theannta chun cuidiú leat féin i do fhreagra.*

**16.** Iarradh ort taispeántas a eagrú sa Seomra Ealaíne nó sa Seomra Eacnamaíocht Bhaile nó sa Seomra Eolaíochta don Lá Oscailte bliantúil sa scoil.

Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Cén chaoi a ndéanfá an tasc seo a phleanáil?

(b) Cad iad na teicníochtaí a d'úsáidfeá le go mbeadh an taispeántas spéisiúil ó thaobh na físiúlachta de?

(c) Cad iad na teicníochtaí a d'úsáidfeá chun eolas a chur trasna sa taispeántas?

*Bíodh sceitsí i do fhreagra.*

**17.** Faisean agus feidhm a bhíonn i gceist agus coisbheart ócáideach nua-aimseartha á dhearadh.

(a) Déan plé ar an ráiteas seo maidir leis an ***léaráid ar an mbileog faoi iamh*** faoi na ceannteidil seo a leanas:

- cruth
- dath
- ábhair
- feidhm
- gnéithe dearaidh

**agus**

*(b)* Mol dearadh do choisbheart ócáideach a chaithfeá féin.

*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

**18.** Bíonn tionchar ag dearadh an phacáistithe ar na rudaí a cheannaíonn daoine.
Pléigh an ráiteas seo maidir le **dhá** tháirge atá liostaithe thíos:

- glóthach chithfholctha
- deochanna boga
- guma coganta
- milseáin

Bain feidhm as na ceann teidil a leanas i do fhreagra:

(a) ábhar an phacáistithe
(b) litreoireacht ar an bpacáistiú
(c) samhlacha ar an bpacáistiú
(d) úsáid na ndathanna

*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

**19.** (a) Dear an leagan amach agus an maisiúchán ar an seomra leapa **nó** an seomra staidéir ab ansa leat. Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas mar threoir i do fhreagra.

- úsáid an spáis
- troscán agus feistis bhoga tí
- dath agus soilsiú

**agus**

(b) Mol **dhá** bhealach ar mhaith leat do rian pearsanta féin a chur ar mhaisiúchán an tseomra leapa **nó** an tseomra staidéir.

*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

**20.** Iarradh ort físeán bolscaireachta a dhéanamh do bhanna ceoil traidisiúnta **nó** do bhanna rac-cheoil.

(a) Déan cur síos ar an gcaoi a roghnófá an suíomh don fhíseán.

**agus**

(b) Pléigh iad seo a leanas:

- uillinneacha ceamara agus cineálacha éagsúla seatanna ceamara
- úsáid na ndathanna
- úsáid an tsoilsithe

*Úsáid sceitsí chun cuidiú le do chuid moltaí.*

**21.** (a) Tabhair cuntas ar chuairt atá tugtha agat ar ghailearaí ealaíne/ceardaíochta **nó** ar mhúsaem. Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas chun cuidiú leat féin i do fhreagra:

- ainm agus roinnt eolas faoin ngailearaí nó faoin músaem
- leagan amach an taispeántais
- soilsiú
- cur i láthair an eolais do chuairteoirí

**agus**

(b) Déan cur síos agus plé ar dhá phíosa obair ealaíne do chuairteoirí sa taispeántas.

*Úsáid sceitsí chun do fhreagra a léiriú.*

****************************

Leathanach Bán